Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 6ú Eagrán

SAMHAIN 2024




www.derrystrabane.com

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin.**

Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.

San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí iontacha a tharla le míonna beaga anuas agus amharcfaidh muid ar na himeachtaí Gaeilge atá beartaithe do na míonna atá romhainn. Roinnfidh muid eolas ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith. Bainigí sult!

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

www.**derrystrabane**.com





## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle




**Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.**

Is féidir ár seirbhísí Gaeilge ar fad a fheiceáil ar an fhíseán ar www.derrystrabane.com/gaeilge chomh maith.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an fhoirm teagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: https://www.derrystrabane.com/gaeilge

Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.

# Gaeilge & Fáilte

## Ag freastal ar do riachtanais theanga



**Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com**

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an fhoirm theagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: **https://www.derrystrabane.com/gaeilge**

Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.





# Suirbhé Custaiméirí 2024




Tá muid, mar Chomhairle, tiomanta i dtreo Seirbhísí Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus tá muid i gcónaí ag iarraidh iad a fhorbairt agus a fheabhsú. Chuige sin tá Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ag reáchtáil suirbhé le tuairimí phobal na Gaeilge a bhailiú maidir le seirbhísí Gaeilge na Comhairle.

I mbliana beidh muid ag baint úsáid as ardán úr leis an suirbhé a chomhlánú agus tabharfaidh seo deis don phobal aiseolas níos mionsonraithe a thabhairt. Beidh teacht ag an phobal ar an suirbhé ag www.derrystrabane.com/consultations agus tá sé tábhachtach go mbaineann pobal na Gaeilge feidhm as an deis seo le tuairimí a thabhairt ar na seirbhísí le go mbeidh muid in ann na seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt. Beidh deis na seirbhísí reatha a mholadh fosta ar ndóigh!

Beidh an suirbhé ar fáil ag deireadh na míosa seo agus cuirfear an nasc amach trí ríomhphost agus ar na meáin shóisialta nuair atá sé beo. Más mian leat an suirbhé a fháil in aon fhormáid eile, déan teagmháil linn le do thoil. Beidh an nasc beo ar feadh coicíse agus fáiltítear roimh aiseolais ónár n-úsáideoirí seirbhíse ach go háirithe.

**Má tá tuilleadh eolais de dhíth, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com**

# Eolaire Ranganna Gaeilge




Tá réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil fud fad ár gceantair Chomhairle ag freastal ar gach leibhéal cumais sa Ghaeilge. Tá eolaire ranganna Gaeilge curtha le chéile ag an Oifigeach Gaeilge a bhfuil sonraí faoi na ranganna ar fad sa cheantar ar fáil.

Más mian leat an t-eolaire seo a fháil nó leis an t-eolas a scaipeadh ar dhaoine nó ghrúpaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, is féidir ríomhphost a chur chuig an Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com nó scairt a chur ar: 028 71 376579.

# The Story of Places 2024



Rinneadh ceiliúradh iontach ar ár logainmneacha i rith 'Positive Ageing Month' arís i mbliana. Mar chuid den chlár chuir an tOifigeach Gaeilge, Erin Hamilton agus an tOifigeach Beartais, Pól Ó Frighil ceardlann logainmneacha ar fáil don ghrúpa ban 'Time for Me' atá lonnaithe san ionad pobail Learmount. Cuireadh seisiún eile ar fáil don ghrúpa ban 'Stay Young' atá lonnaithe ar an Srath Bán chomh maith.

Chaith Erin agus Pól am le gach ghrúpa ag míniú cúlra agus saibhreas ár logainmneacha, agus an ceangal atá eatarthu agus an Ghaeilge agus an Ultais. Labhair na hOifigigh ar na logainmneacha a bhí pearsanta agus speisialta do na rannpháirtithe i ngach ghrúpa chomh maith. Bhí plé thar a bheith suimiúil idir an dá ghrúpa agus d'imigh siad ó na seisiúin le leibhéal tuisceana méadaithe ar ár logainmneacha roinnte. Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi logainmneacha tá áiseanna den scoth ar fáil ar Bhunachar Logainmneacha na hÉireann www.logainm.ie, agus ar shuíomh gréasáin Placenames NI.org.

# Island Voices 2024

Tá an clár d'Island Voices 2024 faoi lán seoil faoi láthair. Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh Réaltán Ní Leannáin go hIarsmalann an Túir i nDoire le tús a chur leis an tsraith cainte seo ar an 26ú Meán Fómhair. Thug Réaltán caint thar a bheith sultmhar agus suimiúil dár teideal; From Birgu to Belfast bunaithe ar a húrscéal aitheanta Cití na gCártaí.

Thug an file mór le rá, Maureen Boyle ó Mhuileann an tSiáin an dara caint sa tsraith ar an 24ú Deireadh Fómhair agus labhair Maureen leis an lucht éisteachta faoin dán iontach atá scríofa aici bunaithe ar an Srath Bán leis an caint ghalánta Writing 'Strabane' – Blessing a Town Into Poetry.

Cuirfidh muid fáilte roimh Alan Millar don imeacht deireanach ar an 28ú Samhain lena chaint Hame an awa – Scots wurds in Irish toonlands. Tosóidh an chaint ar 1pm agus ní mór duit d'áit a chur in áirithe trí ríomhphost a chur chuig: tower@derrystrabane.com nó scairt a chur ar Iarsmalann an Túir ar: 028 71 372411



# Beochan Chearta Leanaí le Gaelscoil na Daróige



**Is iarrthóir í Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar stádas UNICEF mar 'Chathair a thacaíonn le Páistí'. Mar chuid den obair seo, tá an fhoireann teangacha sa Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le NICCY (Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga) le ceardlanna agus acmhainní a fhorbairt agus a chur ar fáil i nGaeilge do Ghaelscoileanna bunaithe ar an togra Cosantóirí Cearta Páistí.**

Ghlac Gaelscoil na Daróige agus Bunscoil Cholmcille páirt sna céad ceardlanna dátheangacha do Chosantóirí Cearta Paistí anuraidh agus ag tógáil air seo, d'oibrigh an fhoireann teangacha ón Chomhairle le cheile le NICCY agus CCEA leis an bheochan Cosantóirí Cearta Páistí a fhorbairt agus a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
Bhí lúcháir an domhain orainn fáilte a chur roimh na réaltaí óga ó Ghaelscoil na Daróige; Caoilfhionn, Conlaoch, Fiadh agus Aaron, i mí Dheireadh Fómhair chuig stiúideo lena nguthanna iontacha a chur leis an bheochan seo.

Bhí na daltaí ar fheabhas ar an lá agus tá muid ag súil go mór leis an bheochan iontach seo a fheiceáil i nGaeilge leis na guthanna speisialta seo go luath. Beidh an beochan ar fáil ar shuíomh gréasáin CCEA nuair atá sé réidh agus tá muid iontach bródúil go mbeidh seo ar fáil do na Gaelscoileanna ar fad fud fad na háite. Go luath beidh muid ag dul i mbun plé le Gaelscoileanna sa cheantar arís chun tuairimí ár ndaoine óga a fháil maidir lenár bpleananna do Sheachtain na Gaeilge 2025.

# Tionscadail agus Ceardlanna do na Gaelscoileanna Áitiúla



**Tugann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla le ceardlanna dátheangacha nó lán-Ghaeilge a chur ar fáil (ar bhonn iarratais) sna Gaelscoileanna áitiúla.**

Is seirbhís ar leith í seo gur féidir leis an Oifigeach Gaeilge a chur ar fáil do na Gaelscoileanna sa cheantar Chomhairle.

Le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo, is féidir leis an scoil nó leis na eagraíocht féin iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle le tacaíocht teanga a fháil chun ceardlann dhátheangach a chur i láthair, éascaithe ag an Oifigeach Gaeilge.
Cé go ndéanfaidh muid iarracht freastal ar gach iarratas, ní mór don scoil nó don eagraíocht teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar dtús, ionas gur féidir na féidearthachtaí a phlé. Is deis iontach iad na tionscadail seo a thugann léargas iontach do na daltaí ar na deiseanna agus na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil fud fad saol na Gaeilge. Chuige seo d'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirt le heagraíochtaí ar nós an RSPB, an Chros Dhearg agus le Sustrans chun ceardlann dátheangach a chur ar fáil dár nGaelscoileanna agus an chuspóir atá againn ná eagraíochtaí a spreagadh le freastal níos fearr a dhéanamh ar ár n-earnáil Ghaeloideachais sa cheantar.
Tuilleadh eolais: gaeilge@derrystrabane.com

# Buíochas

Ba mhaith leis an Chomhairle a buíochas a ghabháil le gach duine, grúpa agus eagraíocht a thapaigh an deis le tuairimí a nochtadh maidir le beartas leasaithe sráidainmneacha dátheangacha na Comhairle. Tá an Chomhairle i mbun tuairisc a ullmhú faoi láthair agus meastar go mbeidh torthaí an chomhairliúcháin réidh le foilsiú go luath. Idir an dá linn, tá an scéim sráidainmneacha dátheangacha go fóill oscailte, agus deis ag an phobal cur isteach ar an scéim. Tá gach eolas maidir leis an scéim seo ar fáil ó Roinn Tógála na Comhairle ag: https://www.derrystrabane.com/services/building-control/street-naming-and-property-numbering. Moltar d'iarratasóirí go bhfuil an-ráchairt ar an scéim seo faoi láthair agus go mb'fhéidir go mbeidh moill ar iarratais dá bharr.

# I mBéal an Phobail

## Imeacht do Theaghlaigh - Spraoi le Péint, The Painted Pig
## Le Niamh Ní Mhóra, Glór na nGael

Is cinnte gur bhain ár dteaghlaigh an-sult as an ócáid Spraoi le Péint ag The Painted Pig ar an tSrath Bán, Dé Sathairn 19 Deireadh Fómhair.
Chuir Sharon fáilte chroíúil romhainn agus bhí deis ag gach duine earra potaireachta a roghnú agus a mhaisiú go cruthaitheach. Bhí tallann iontach le feiceáil ónár bpáistí agus ónár dtuismitheoirí agus níl aon amhras ann go mbeidh cuma ghalánta ar na píosaí seo ina dtithe féin.

An bhfuil tú ag tógáil clainne le Gaeilge i gCathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus tá tuilleadh eolais uait faoin tacaíocht atá ar fáil duit? Is féidir teagmháil a dhéanamh le Niamh: niamh@glornangael.ie Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlíon www.glornangael.ie/teangati agus aimseoidh sibh:

- **comhairle faoin dea-chleachtas is fearr**
- **acmhainní tacaíochta agus spraoi,**
- **eolas faoi imeachtaí do theaghlaigh Ghaeilge.**





# Saothar úr le Dave Duggan

**Tá saothar úr á sheoladh ag an údar Dave Duggan ar an 25 Samhain ar 7pm sa Nerve Centre i nDoire mar chuid den Fhéile Scannáin.**

Is cnuasach aistí é Journeywork, a Creative Life le hAiste 6: A Spailpín in Two Languages ag plé lena shaothar i nGaeilge agus cúrsaí teanga ach go háirithe.
Chomh maith leis an seoladh, beidh comhrá dátheangach le Dave Duggan i gCultúrlann Uí Chanáin i nDoire ar an 27 Samhain ar a 6pm agus beidh an leabhar ar díol ag an imeacht seo.

**Buíochas ó chroí le Dave Duggan as an scéal seo a roinnt linn.**



# Fóram
## Phobal na Gaeilge

**Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.**

**Tharla cruinniú deireanach de chuid an Fhóraim ar an Chéadaoin 2ú Deireadh Fómhair 2024 i Halla na Cathrach i nDoire. Bhí cruinniú thar a bheith fiúntach againn agus beidh an chéad cruinniú eile ag tarlú go luath sa bhliain úr. Gabhann muid buíochas ó chroí le gach duine a ghlac páirt sa chruinniú agus a chur leis na comhráití fiúntacha, suimiúla seo.**

**Más mian leat féin bheith páirteach sna cruinnithe seo nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579**

**Buíochas le Caoimhín Ó Peatáin as an ghrianghraf a thógáil.**



Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte
## An 6ú Eagrán

## SAMHAIN 2024

Más mian leat ábhar scéil a mholadh don chéad nuachtlitir eile, nó má tá scéal agat féin a ba mhaith leat a fhógairt bíodh fáilte romhat an t-eolas a chur chuig gaeilge@derrystrabane.com nó déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ar an Líne Ghaeilge
T: 028 71 376 579.

Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.
Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:
guthán: 028 71 253253
nó
ríomhphost: equality@derrystrabane.com

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

ANSEO
DO NA HEALAÍONA & DON CHULTÚR
I NDOIRE & AR AN SRATH BÁN